


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD |
| **Scoil \| Aonad** | UCD Ar Fud na Cruinne |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** | **Bainisteoir Maoinithe agus Scoláireachtaí Idirnáisiúnta** |
| **Tréimhse an Phoist** | Ceapachán chun saoire mháithreachais a chlúdach<br>(Fad measta: 6 – 9 mí) |
| **Grád** | AO1 |
| **Scála Tuarastail** | €53,876 - €72,929 in aghaidh na bliana |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár (APOM) - Leibhéal Gairme 4 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2022-05-031 |
| **Bainisteoir Líne** | Bainisteoir Sinsearach Iontrála Idirnáisiúnta (nó ainmní) |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019827 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Qiong Zhang |
| **Costais Athlonnaithe** | Ní Bhaineann |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | Ní Bhaineann |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hollscoile, ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn.

Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás ina n-idirghníomhaíonn an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas.

Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Tuairisceoidh an Bainisteoir Maoinithe agus Scoláireachtaí Idirnáisiúnta don Bhainisteoir Sinsearach Iontrála Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath mar chuid d'fhoireann dhinimiciúil, spriocdhírithe. Tá UCD ag lorg gairmí a bhfuil taithí acu in earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta chun dearcadh úr a sholáthar, sármhaitheas seirbhíse a choinneáil, agus torthaí ardfheidhmíochta a chur chun cinn.

© Acmhainní Daonna UCD